# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Fraincis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2017

## Scéim Mharcála Fraincis – Ardleibhéal

**Nóta míniúcháin:**

Sa Scéim Mharcála seo,
léiríonn **pointe le hurchair** freagra ar fiú iomlán na marcanna é,
léiríonn **dais** freagra ar fiú cuid de na marcanna nó 0 marc é, agus
léiríonn **lúibíní cruinne** ábhar nach mbaineann le hábhar nach ngearrfar pionós air.

## SECTION I COMPRÉHENSION ÉCRITE (120 marc)

Tá feidhm leis na pointí ginearálta seo a leanas sa dá **Léamhthuiscint**:

Ní mór ceisteanna a bhfuil foranna iontu [e.g. (a) agus (b)] a fhreagairt ar na línte faoi leith atá ann dóibh.

Áit a bhfuil spásanna ar leith curtha ar fáil, agus go gcuirtear dhá fhreagra nó níos mó ar aon líne amháin, breathnaítear air seo mar fhreagra amháin agus tugtar marc dá réir.

Ní bhronnfar marc as aon fhoroinn bhreise ach nuair a chealaítear ceann de na freagraí roimhe sin ar an gceist.

Pionóis:

1. Farasbarr ábhair: -1 nó -2 mharc.

2 Gearrfar pionós lúide 1 ar a mhéad in aghaidh na ceiste/na míre as gach earráid eile. Áirítear orthu seo:

- Athfhriotal míchuí.
- Ionramháil nuair nach mbíonn gá leis.
- Earráidí teanga/gramadaí san ionramháil.
- Nuair a bhíonn gá le hionramháil agus nach dtugtar faoi.
- Freagraí tugtha sa teanga mhícheart, e.g. freagraí i nGaeilge/Béarla nuair a theastaíonn an Fhraincis, mar a bheadh sa Compréhension Écrite; míreanna cheist 6 á bhfreagairt as Fraincis.

**Nóta: D'fhéadfadh sé go ngearrfaí an pionós as farasbarr in éineacht le haon cheann de na pionóis a luaitear in 2 thuas.**

## C.1 (60 marc)

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí NÓ le hionramháil cheart i gCeist 2(i), 2(ii), 3(i) agus 4(ii)**

**1.(i) …………………………………………………………………………………....5 Mharc**

*Pendant quelle période le nombre de touristes étrangers à Paris a-t-il baissé ? (Section 1)*

- Entre janvier et août (2016, le nombre de touristes étrangers à Paris a diminué de 13%)....................................................... ..........................................................5 Mharc
- – (Pendant) janvier et août………………………………………………………….3 Mharc
- – Janvier / août / 2016………………………………………………………………1 Mharc

**1.(ii)……………………………………………………………………………….….. 5 Mharc**

*Citez les événements dramatiques qui, selon Valérie, ont contribué au manque de touristes étrangers à Paris. (Section 1)*

- Les attentats terroristes et les manifestations violentes……………………………. 5 Mharc
- – Les attentats terroristes et les manifestations……………………………………… 4 Mharc
- – Les attentats et les manifestations violentes..……………………………………… 4 Mharc
- – Les attentats terroristes ……………………………………………………………..3 Mharc
- – Les attentats et les manifestations…………………………………………………. 3 Mharc
- – Les manifestations violentes ………………………………………….....………… 3 Mharc
- – Les attentats………...…………………………………………………………..2 Mharc
- – Les manifestations……….…………………………………………....…………2 Mharc

**2.(i)……………………………………………………………………………………… 5 Mharc**

*Selon la deuxième section, comment reconnaîtra-t-on facilement 'les volontaires du tourisme'?*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

Ceann díobh seo:

- Les / ces jeunes (étudiants) / ils seront revêtus d'un blouson violet.……...……….. 5 Marks
- Comme ces jeunes étudiants seront revêtus d'un blouson violet, ils seront aisément reconnaissables. (Abairt iomlán)………………………………………………. 5 Mharc
- Ils porteront sur leur tenue / le blouson un message : *Puis-je vous aider ?*……….. 5 Mharc
- – (Revêtus) d'un blouson violet…………………………………………..……….… 4 Mharc
- – Le blouson violet…………………………………………………..............................4 Mharc
- – Portant sur leur tenue un message : *Puis-je vous aider ?*.......................................4 Mharc
- – Ils porteront sur leur tenue / le blouson un message…………………………………. 3 Mharc
- – Le blouson………………………………………………………………………………. 3 Mharc
- – Les / ces jeunes (étudiants) / ils seront revêtus d'un blouson…………………….... 2 Mharc
- – Portant sur leur tenue un message……………………..…………………………2 Mharc
- – (Revêtus d')un blouson…………………………………………………………. 1 Mharc

**Nóta: Glac leis an aimsir láithreach**

**2.(ii)…………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Quand est-ce que les 'volontaires' seront prêts à commencer leur travail ? (Section 2)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

Ceann díobh seo:

- Pour les fêtes de fin d'année……………….……...…………………………………...5 Mharc
- Pour les fêtes de la fin de l'année…………………………………………………….... 5 Mharc
- – Deux cents étudiants seront recrutés et formés pour les fêtes de fin d'année (Abairt iomlán)……………………………………………………………... 3 Mharc
- – Pour la fin d'année / la fin de l'année...…………………………………….……....3 Mharc
- – (La) fin d'année / (la) fin de l'année………………………………………………….. 2 Mharc
- – Pour les fêtes……………...…………………………………………………….… 1 Mharc
- – Bientôt / Noël / (le) Nouvel An / (le) Réveillon….……………………………………1 Mharc

**3.(i)…………………………………………………………………………………....... 5 Mharc**

*En quoi les Français sont-ils faibles par rapport à plusieurs pays européens ? (Section 3)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

Ceann díobh seo:

- (En ce qui concerne) la maîtrise de l'anglais…………………………………………... 5 Mharc
- (En ce qui concerne l') / (En) / (L') anglais………………………………….……........5 Mharc
- La France est 23e sur 28 (en Europe) en ce qui concerne (la maîtrise de) l'anglais...5 Mharc
- – (La pratique des) langues étrangères……………………………………………… 4 Mharc

**3.(ii)……………………………………………………………………………….… 5 Mharc**

*Selon la troisième section, le conseil régional*

*(a) installera des panneaux de signalisation supplémentaires*

*(b) traduira des pièces de théâtre pour les touristes étrangers*

*(c) interdira la nouvelle technologie sur les sites touristiques*

*(d) embauchera plus de personnes dans les hôtels et les restaurants.*

- (a)…………………………………..……………………………………………… 5 Mharc

**4.(i)………………………………………………………………………….…….. 5 Mharc**

*Trouvez l'expression qui veut dire «combattre la criminalité de chaque jour». (Section 4)*

- Lutter contre la délinquance au quotidien………………………………………..5 Mharc
- – Il faut absolument lutter contre la délinquance au quotidien ……………………… 4 Mharc
- – Lutter contre la délinquance……………………………………………………….. 4 Mharc

**4.(ii)…………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Qu'est-ce que les victimes de crime dans les endroits touristiques font rarement ? (Section 4)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

- Déposer plainte / porter plainte / se plaindre (immédiatement)...…………………. 5 Mharc
  - Plainte (immédiatement) ……………………………………………………4 Mharc
  - Ils permettront aussi aux touristes de déposer plainte (immédiatement, ce qu'ils font peu souvent) (Abairt iomlán)…………………………………...……………….3 Mharc

**5.(i)……………………………………………………………………………………… 5 Mharc**

*Relevez un adverbe dans la cinquième section.*

Ceann díobh seo:

- Donc………………………………………………………………………….. 5 Mharc
- Aussi…..……………..…………………………………………………………5 Mharc
- Notamment……………………………………………………………………5 Mharc

**Nóta: Bronn 5 mharc nó 0 marc. Aon mhír nach mbaineann le hábhar = 0 Marc.**

**5.(ii)…………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Quel sera l'avantage pour les touristes de pouvoir acheter des billets à horaires fixes ? (Section 5)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

- Les touristes / ils ne seront pas contraints de faire la queue (nó a leithéid)………...5 Mharc
  - Sans être contraints de faire la queue……………………………………………3 Mharc

**Nóta: Glac leis an aimsir láithreach.**

**6……………………………………………………………………………….….... 5 + 5 Mharc**

*Tá moltaí Valérie Pécresse chun turasóirí a spreagadh le filleadh ar Pháras an-phraiticiúil. An aontaíonn tú leis sin? (Dhá phointe, thart ar 50 focal san iomlán.)*

**Féadfaidh iarrthóirí aontú nó easaontú agus na pointí seo a leanas á n-úsáid acu:**
**Aon <u>dá cheann</u> ar bith de na pointí seo a leanas:**

<u>Praiticiúil</u>:

- Foirne de *volontaires du tourisme* so-aitheanta le cabhrú le turasóirí
- Sannfar iad chuig tríocha croí-ionad turasóireachta
- Scileanna teanga a fheabhsú, go háirithe Béarla dóibh siúd a bhíonn ag obair sa turasóireacht
- An líon comharthaí i dteangacha eachtracha gar d'ionaid turasóireachta a mhéadú
- Nuálaíochtaí teicneolaíochta amhail spéaclaí a chuireann ar chumas turasóirí drámaí a aistriú a chur chun cinn / a mhaoiniú
- Stáisiúin póilíní shoghluaiste - an-fheiceálach agus suite ag na príomhionaid turasóireachta
- Cuirfidh siad ar chumas turasóirí coireanna a thuairisciú / gearán a dhéanamh fúthu láithreach
- Dul i ngleic le gnáthchoireanna an lae, go háirithe piocairí póca
- Aip a chruthú a chuireann ar chumas turasóirí ullmhú le haghaidh a gcuairte trí eolas a chur ar fáil faoi Pháras agus an réigiún
- A bheith in ann ticéid a cheannach roimh ré agus nach gá seasamh i scuaine

Etc., etc.

Neamhphraiticiúil

- Ní théann sé i ngleic leis an bhfíorfhadhb - ionsaithe sceimhlitheoireachta agus léirsithe
- Bealach fada le dul chun scileanna teanga a fheabhsú
- I gceantair an-fheiceálach amháin atá na póilíní breise
- Fón cliste de dhíth le feidhm a bhaint as an aip

Etc., etc.

## C.2 (60 marc)

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart i gCeist 4(ii).**

**1.(i)…………………………………………………………………………………..……. 5 Mharc**

*Quelle est la matière que Madame Gerfion enseigne à 8 h 37 ? (Section 1)*

- (L')histoire ……………………………………………………….………….....5 Mharc
- D'histoire……………………………………...………………………………4 Mharc

**1.(ii)……………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Relevez une phrase qui indique que quelques élèves ne font pas attention en classe. (Section 1)*

Ceann díobh seo:

- Certains élèves regardent par la fenêtre……………………………………………..5 Mharc
- D'autres encore finissent leurs maths pour le cours d'après…………………………5 Mharc
- D'autres prennent des (tonnes de) notes sans comprendre un mot………………….4 Mharc

**2.(i)……………………………………………………………………………………... 5 Mharc**

*D'après la première section*

*(a) Camille dit que Tibor manque souvent de courage*
*(b) Tibor s'inquiète à cause de l'examen de maths*
*(c) les élèves veulent copier les solutions de Tibor*
*(d) Camille pense que Tibor est un garçon sympa.*

- (d)……….…………………………………………………………………….. 5 Mharc

**2.(ii) …………………………………………………………………………………… 5 Mharc**

*Citez l'expression qui explique pourquoi Tibor avait fait du mal à un autre élève. (Section 2)*

- (Parce qu') il ne le trouvait pas assez réveillé……………………….……………... 5 Mharc
- – Tibor avait électrocuté son voisin parce qu'il ne le trouvait pas assez réveillé………………………………………………………………………4 Mharc
- – La première fois, en labo de chimie, Tibor avait électrocuté son voisin parce qu'il ne le trouvait pas assez réveillé (Abairt iomlán)…………….……………...3 Mharc

**3.(i).………………………………………………………………………..……… 5 Mharc**

*Comment Tibor avait-il été sanctionné en cours de physique ? (Section 2)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

- La prof (de physique) / On lui avait retiré des points (pour insolence)………....... 5 Mharc
- – Elle lui avait retiré des points (pour insolence)……………………………………..4 Mharc

**3.(ii)……………………………………………………………………………………..… 5 Mharc**

*Pourquoi Camille n'a-t-elle pas eu envie de manger un jour? (Section 2)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

- Camille / Elle a vu un type / Tibor (hurlant) qui traversait le réfectoire (avec) la tête en feu (pour protester contre la nourriture à la cantine)…………………......5 Mharc
- Tibor / un type s'est mis le feu aux cheveux (pour protester contre la nourriture à la cantine)….…………………………………………………….. 5 Mharc
- Tibor / un type (hurlant) traversait le réfectoire (avec) la tête en feu (pour protester contre la nourriture à la cantine)……………………............................ 5 Mharc

**Nóta: Glac leis an aimsir láithreach nó passé composé**
***Déjà* lúide 1 mharc**

**4.(i)………………………………………………………………………………………… 5 Mharc**

*Pour Camille et pour d'autres élèves dans la classe que signifiait l'absence de Tibor ? (Section 3)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

Ceann díobh seo:

- Tibor / Il préparait quelque chose (en secret)…………………………….….…. 5 Mharc
- Tibor / Il allait les sauver de l'examen..…………………………………………. 5 Mharc
- Ils doivent passer / faire l'examen / le contrôle (de maths)……………………….. 5 Mharc
- – Elle n'était pas la seule à se demander ce qu'il préparait (en secret)………………..4 Mharc
- – Tibor / Il allait les sauver…………………………………………………….... 4 Mharc
- – Tibor / Il préparait un feu d'artifice…………………………………….……..…….4 Mharc
- – Je n'étais pas la seule à me demander ce qu'il préparait (en secret)…..……………..3 Mharc
- – Je vais vous sauver……………………………………………………………3 Mharc
- – Tibor / Il préparait en secret……………………………………………………...2 Mharc
- – Léo a vu Tibor juste avant de monter, et ses derniers mots ont été : « Je vais vous sauver »……………………………………………………………………………...1 Mharc
- – Tibor / Il préparait……………………………………………………………….. 0 Marc

**Nóta: Glac leis an aimsir láithreach**

**4.(ii)………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Les élèves ne peuvent pas voir la figure de l'homme qui entre. Pourquoi ? (Section 3)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí NÓ le hionramháil cheart.**

- L'homme / Il porte une écharpe (rose et jaune) qui lui cache le visage…................ 5 Mharc
- L'homme / Il cache son visage……………………………………………………5 Mharc
- L'homme / Il se cache le visage…………………………………………………. 5 Mharc
- – L'homme / Il porte une écharpe (rose et jaune) …………………………….....4 Mharc
- – L'homme / Il porte une écharpe (rose et jaune) qui lui cache le visage, et un imperméable………………………………………………………………….. 4 Mharc
- – L'homme / Il porte une écharpe (rose et jaune) qui lui cache le visage, et un imperméable dans les poches duquel il semble pointer deux armes. (Abairt iomlán)………………………………………………………………………. 3 Mharc

**5.(i)…………………………………………………………………………………… 5 Marks**

*Quelle est la deuxième demande que l'homme fait à Madame Serben ? (Section 4)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

Ceann díobh seo:

- (Il demande / exige) Qu'elle / que Madame Serben reporte l'examen (disons à jeudi prochain)……………………………………………………………………… 5 Mharc
- De reporter l'examen (disons à jeudi prochain)…………………………………. 5 Mharc
- – Reporter l'examen (disons à jeudi prochain)…………………………………… 4 Mharc
- – (J'exige aussi) que vous reportiez cet examen, (disons à jeudi prochain)………… 4 Mharc
- – Vous reportiez cet examen, (disons à jeudi prochain)…………………………... 3 Mharc
- – J'exige la libération immédiate de tous les prisonniers politiques du monde, et j'exige aussi que vous reportiez cet examen, (disons à jeudi prochain) ! (Abairt iomlán)………………………………………………………………………. 2 Mharc

**5.(ii)……………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Trouvez dans la quatrième section un verbe à l'infinitif*

Ceann díobh seo:

- Perdre …………………………………………………………………………… 5 Mharc
- Hausser………………………………………………………………………...5 Mharc

**Nóta: Bronn 5 mharc nó 0 marc. Aon mhír nach mbaineann le hábhar = 0 Marc.**

**6…………………………………………………………………………………..…….… 5 + 5 Mharc**

*Seachas Tibor, níl suim rómhór sa scoil ag na scoláirí eile i rang Camille. An aontaíonn tú leis sin? (Dhá phointe, timpeall 50 focal ar an iomlán.)*

**Féadfaidh iarrthóirí ciall a bhaint as an gceist mar cheann ina bhfuiltear ag tagairt do na daltaí eile amháin, nó do Tibor amháin, nó do na daltaí eile agus do Tibor.**

**Féadfaidh iarrthóirí aontú nó easaontú agus na pointí seo a leanas á n-úsáid acu.**

Dhá cheann ar bith díobh seo:

Níl spéis ag na daltaí eile ann:

- Ag breathnú amach sa bhfuinneog
- An-chuid nótaí á nglacadh d'ainneoin nach dtuigeann siad
- Ag ullmhú le haghaidh ranganna eile
- Ríméad orthu agus Tibor ag rá go gcuirfidh sé isteach ar an triail mhata
- Gan aird á thabhairt le linn rang ceimice
- Smaoineamh ar a bhfuil beartaithe ag Tibor chun cur isteach ar an triail mhata
- Buachaillí ag dúil le "ruaille buaille"
- Líníocht
- Ag cur uachtair ar a lámha
- Ríméad orthu nuair a thagann Tibor isteach rite reaite

Etc., etc.

Spéis ag daltaí eile ann:

- Bheith i láthair sna ranganna
- Gearán a dhéanamh nach raibh am acu ullmhú don triail
- An-chuid nótaí á nglacadh d'ainneoin nach dtuigeann siad
- Glacadh leis go dtarlóidh an triail mhata

Etc., etc.

Níl spéis ag Tibor ann:

- Deir Camille go bhfuil smaointe buile aige
- Leictreamharaíonn dalta in aice leis le linn rang ceimice
- Déanann ceap magaidh den triail fisice agus baintear marcanna de
- Cuireann a chuid gruaige trí thine sa bhialann
- Cuireann isteach ar an triail mhata

Etc., etc.

Spéis ag Tibor:

- An-éirimiúil sa mhata agus san fhisic
- Leictreamharaíonn dalta in aice leis óir níl sé ag tabhairt airde sa rang ceimice
- Síleann sé go bhfuil ceist amaideach sa triail fisice
- Tugann sé amach faoi chaighdeán an bhia sa bhialann

Etc., etc.

# SECTION II PRODUCTION ÉCRITE (100 marc)

## Éigeantach

C. 1 (a) nó (b)

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | 20 marc |
| Teanga | 20 marc |

(40 marc)

## Freagair dhá cheann de na ceisteanna 2, 3, 4

C. 2 (a) nó (b)

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | 15 mharc |
| Teanga | 15 mharc |

(30 marc)

C. 3 (a) nó (b)

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | 15 mharc |
| Teanga | 15 mharc |

(30 marc)

C. 4 (a) nó (b)

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | 15 mharc |
| Teanga | 15 mharc |

(30 marc)

**<u>Nótaí:</u>** C. 2 (a) agus (b) Níl gá le leagan amach ar leith anseo.

# GREILLE MHARCÁLA

| Cumarsáid | C. 1<br>20 marc | C. 2, 3 & 4<br>15 mharc |
|---|---|---|
| **BARR**<br>• Feidhm mhaith bainte as an ábhar spreagtha<br>• Ardleibhéal comhleanúnachais sa téacs<br>• Soiléire san argóinteacht<br>• An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>• Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ann<br>• Gan mórán dearmad sa tsainréim teanga | **13 - 20** | **11 - 15** |
| **LÁR**<br>• Déileáil fhorásach go maith leis an ábhar spreagtha<br>• Leibhéal réasúnta comhleanúnachais sa téacs<br>• Sothuigthe ag Francach aonteangach<br>• Meas ar an iomlán ar aidhm na cumarsáide<br>• Roinnt ábhar neamhábhartha<br>• Gan an iomarca dearmad sa tsainréim teanga | **8 - 12** | **6 - 10** |
| **BUN**<br>• Athscríobh amháin nó an-drochdhéileáil leis an ábhar spreagtha<br>• Easpa comhleanúnachais sa téacs<br>• Bheadh deacracht ag Francach aonteangach é a thuiscint<br>• Aidhm na cumarsáide neamhéifeachtach<br>• Cuid mhór ábhar neamhábhartha<br>• Dearmaid sa tsainréim teanga | **0 - 7** | **0 - 5** |
| **Teanga** | **C. 1<br>20 marc** | **C. 2, 3 & 4<br>15 mharc** |
| **BARR**<br>• Fraincis nádúrtha<br>• stór focal saibhir<br>• abairtí casta á láimhseáil go maith<br>• gan mórán dearmad sna briathra, san aontú ná sa litriú | **13 - 20** | **11 - 15** |
| **LÁR**<br>• stór focal leordhóthanach<br>• na briathra ceart ar an iomlán<br>• rialacha an aontaithe i gceart de ghnáth<br>• gan an iomarca dearmad sa litriú | **8 - 12** | **6 - 10** |
| **BUN**<br>• fadhbanna le stór focal<br>• formhór na mbriathra mícheart<br>• neamhaird ar riail bhunaidh an aontaithe<br>• cuid mhór dearmad sa litriú | **0 - 7** | **0 - 5** |

# Triail Chluastuisceana (80 marc)

Tuairimí ginearálta:

1. NÍ GÁ go mbeadh pointí ar leith ar línte ar leith.
2. Ní ghearrtar aon phionós as ábhar iomarcach nach ndéanann an freagra neamhbhailí.
3. Glac le foirmiú ar bith a thugann an t-eolas atá á lorg.
4. Má fhreagraítear an triail iomlán / roinn iomlán den triail sa Fhraincis: marcáil de réir na Scéime Marcála, agus ansin bain 25% de na marcanna a gnóthaíodh.

Sna ceisteanna seo a leanas, mura bhfaightear lánmharcanna i gceachtar cuid, tá an marc is airde le bronnadh ar gach cuid: I, C.2; II, C.2; III, C.2; IV, C.2.

## Roinn I (12 Mharc)

**1.**

*Tá a lá breithe ag Alain agus ag Daniel ar an dáta céanna. Cén dáta é sin?*

- 27 Aibreán........................................................................................................3 Mharc

**2.(a) & (b)**

*Déan cur síos ar an dá chuimhne óna óige a luann Alain. (Dhá fháth)*

- (Ag glacadh páirte i) (g)cúrsa / campa/comórtas leadóige (seachtaine amháin) (samhraidh amháin)…..………………………………………………………….............…3 Mharc
- – Cúrsa / campa.........................................................................................................2 Mharc
- – Leadóg / Smaoineamh faoi leadóg a imirt.............................................................. 1 Mharc

- Troid (mhór) liathróidí sneachta (sa pháirc sa gheimhreadh)...................................3 Mharc
- – Troid / cath..............................................................................................................2 Mharc
- – Sneachta / smaoineamh faoi shúgradh sa sneachta...................................................1 Mharc

**3.**
*Cén fáth a raibh Alain trína chéile anuraidh?*

Ceann díobh seo:

- Bhog Daniel (agus a thuismitheoirí)(i bhfad ó bhaile)............................................. 3 Mharc
- Bhí eagla air / shíl sé nach bhfeicfeadh sé arís é.......................................................3 Mharc
- – Bhog (sé) (agus a thuismitheoirí) / (siad)...................................................................2 Mharc

## Roinn II (21 Marc)

**1.(i)**

*Cén fáth ar roghnaigh Ysabel gabhair a thógáil?*

- Ní thaitníonn ainmhithe móra léi (ar nós bó)...………..……… ………….......... 3 Mharc
- Ní ainmhithe móra iad (ar nós bó)...………..…………………………………............. 3 Mharc
- – Ní thaitníonn (ainmhithe ar nós) bó (léi)…………………...................................... 1 Mharc

**1.(ii)**

*Cén tslí bheatha atá ag a fear céile?*

- Iascaire.............................................................................................................. 3 Mharc

**2.(a) & (b)**

*De réir Ysabel, cén fáth a mbíonn uirthi a lán oibre a déanamh leis na gabhair? (Dhá fháth)*

- Ní mór di iad a bheathú ceithre huaire sa lá..............................................................3 Mharc
- Itheann siad ceithre huaire sa lá………………………………………….................... 3 Mharc
- – Ní mór di iad a bheathú go leor..........................................................................2 Mharc
- – Itheann siad go leor…………………………………………………..........................2 Mharc
- – Ní mór di iad a bheathú.....................................................................................1 Mharc

- Ní mór di súil a choinneáil orthu agus iad amuigh................................................... 3 Mharc
- Ní mór súil ghéar a choinneáil orthu.........................................................................3 Mharc
- – Ní mór súil a choinneáil orthu………………………………….........................2 Mharc

**3.(a) & (b)**

*Mínigh cén fáth a raibh comharsa Ysabel ar buile Dé Luain seo caite. (Dhá fháth)*

- (D'éalaigh) bhí (a / na) gabhair (agus) ag ithe na mbláthanna ina / sa ghairdín................................................ 3 Mharc
- Bhí (a / na) gabhair / bhí siad ag ithe a chuid bláthanna.................... 3 Mharc
- – Bhí (a / na) gabhair / bhí siad ag ithe na mbláthanna....................2 Mharc
- – Bhí (a / na) gabhair / bhí siad ina ghairdín....................2 Mharc
- – Mhill / scrios (a / na) gabhair / na bláthanna / an gairdín.................... 2 Mharc
- – Bhí (a / na) gabhair / bhí siad ag ithe bláthanna....................1 Mharc

- Bhí (a / na) gabhair / bhí siad ag stopadh an tráchta (ar an mbóthar)..................... 3 Mharc
- Bhí (a / na) gabhair / bhí siad ag cruthú (tranglam) tráchta (ar an mbóthar)………………………………….......... 3 Mharc
- – Bhí (a / na) gabhair / ar an mbóthar………………………….................. 2 Mharc

**4.**

*De réir Ysabel, cad is féidir léi a dhéanamh ag an margadh, más gá di?*

- (Is féidir) comhairle / cúnamh a iarraidh ar fheirmeoirí (eile) (má tá sí uaithi)................................................ 3 Mharc
- (Is féidir) comhairle / cúnamh a fháil ó fheirmeoirí (eile)…………………..3 Mharc
- – Is féidir comhairle / cúnamh a iarraidh / a fháil....................2 Mharc
- – Bualadh le feirmeoirí (eile).................................... 1 Mharc
- – Bualadh le daoine eile.................................... 1 Mharc
- – Cáis a dhíol....................................1 Mharc

## Roinn III (18 Marc)

**1.(i)**

*Cén t-am a tharla an bhuirgléireacht?*

- 3.30 (i.n.) /leathuair tar éis a trí (tráthnóna) / 15.30...................................................3 Mharc
- – 3.30 r.n..………………………………………………………………….................. 0 Marc

**1.(ii)**

*Cad a rinne an buirgléir le fáil isteach sa teach?*

- Bhris fuinneog ag cúl an tí (agus tháinig isteach mar sin).........................................3 Mharc
- – Bhris fuinneog………………………………………………………………....2 Mharc
- – Tháinig isteach trí fhuinneog........................................................................... 1 Mharc
- – Isteach ar chúl an tí.......................................................................................... 1 Mharc

**2.(a) & (b)**

*Cad a bhí á dhéanamh ag tuismitheoirí Victor nuair a tharla an bhuirgléireacht?*

Ceann díobh seo:

- Athair: Ar cuairt ag seanmháthair (Victor) san ospidéal.......................................... 3 Mharc
- Ar cuairt ag máthair (chleamhnais/chéile) san ospidéal............................................ 3 Mharc
- – Ar cuairt ag seanmháthair (Victor)............................................................... 2 Mharc
- – Ar cuairt ag máthair (chleamhnais/chéile)................................................................2 Mharc
- – San / ag an ospidéal................................................................................................1 Mharc
- – Ar cuairt ag seantuismitheoir........................................................................... 1 Mharc

- Máthair: Ag glacadh páirte i rás rothar (i bhfad ó bhaile)......................................... 3 Mharc
- – Rothaíocht...................................................................................................... 2 Mharc

**3.(i)**

*De réir Victor, cathain a d'éalaigh an buirgléir leis?*

Ceann díobh seo:

- (Nuair a) chuala sé fear an phoist ag bualadh an chloigín /(Nuair a) bhuail fear an phoist cloigín an dorais...........................................................................................3 Mharc
- (Nuair a) chuala sé cloigín an dorais (á bhualadh).................................................. 3 Mharc
- Nuair a buaileadh cloigín an dorais...........................................................................3 mharc
- – (Nuair a) chuala sé fear an phoist (ag cnagadh ar an doras)..................................... 2 Mharc
- – (Bhí) cnag ar an doras........................................................................................... 2 Mharc
- – Nuair a tháinig fear an phoist (agus beartán mór aige)............................................. 1 Mharc
- – Nuair a chonaic sé fear an phoist.............................................................................. 1 Mharc

**Nóta: An duine mícheart ag bualadh cloigín an dorais, lúide 1 mharc.**

**3.(ii)**

*Cén áit go díreach sa teach a raibh an taisceadán i bhfolach?*

- Faoin staighre..............................................................................................3 Mharc
- I gcófra / prios…...…………………………………………………………..........3 Mharc

**Nóta: Suíomh mícheart, lúide 1 mharc.**

## Roinn IV (21 Marc)

**1.**

*Cad a thug ar Thierry an scoil a fhágáil?*

Ceann díobh seo:

- Níl daltaí eile spreagtha..................................................................................3 Mharc
- Ní raibh sé ag foghlaim aon rud.......................................................................3 Mharc
- Bhí/ Ní raibh sé spreagtha...............................................................................3 Mharc

**2.(a) & (b)**

*Tabhair an dá fháth a bhfuil ag éirí go maith leis an scolaíocht sa bhaile i gcás Thierry.*

- Tugann a mháthair liosta rudaí dó atá le déanamh ag tús na seachtaine.....................3 Mharc
- Tugann a mháthair liosta rudaí dó atá le déanamh gach seachtain........................... 3 Mharc
- – (Tá) liosta rudaí atá le déanamh ag tús na seachtaine aige...................................... 2 Mharc
- – (Tá) liosta aige de rudaí atá le déanamh gach seachtain........................................... 2 Mharc
- – Tugann a mháthair liosta rudaí dó atá le déanamh..................................................... 2 Mharc
- – Tugann a mháthair liosta dó ag tús na seachtaine...................................................... 2 Mharc
- – Tugann a mháthair liosta dó gach seachtain……………………………………...... 2 Mharc
- – Tugann a mháthair liosta dó……………………………….............................. 1 Mharc
- – (Tá) liosta aige de rudaí atá le déanamh.................................................................. 1 Mharc
- – (Tá) liosta aige………………………………................................................. 0 Marc

**Nóta: *Jabanna / obair* lúide 1 mharc**

- Déanann (iarracht a bheith ag) obair amhail agus go raibh sé ar scoil……………………….………..........................................................3 Mharc
- – Tógann sos (lóin)........................................................................................... 2 Mharc

**3.(i)**

*Cá fhad atá Josette ag taisteal lena tuismitheoirí?*

- Aon / bliain…………………………………………….................................3 Mharc

**3.(ii)**

*Cén dá ábhar scoile a luann Josette?*

- Mata agus Fraincis........................................................................................... 3 Mharc
- Mata / Fraincis................................................................................................ 2 mharc

**4.(a) & (b)**

*Cén dá nós Sheapánacha atá tugtha faoi deara ag Josette?*

- Bain díot do bhróga sula dtéann tú/ag dul isteach i dteach………………….........3 Mharc
- Bain díot do bhróga…………………………………………………………........2 Mharc

- Bí (i gcónaí) ar an láthair (beagán) luath / roimh ré..................................................3 Mharc
- (Bíonn na Seapánaigh) dian faoi chúrsaí ama…………………..............................2 Mharc

## Roinn V (8 Marc)

**1.**

*Conas a bheidh an aimsir in Grenoble níos déanaí tráthnóna inniu?*

- Báisteach................................................................................................................ 2 Mharc

**2.(i)**

*Cén fáth ar stop an póilín carr a raibh beirt fhear istigh ann?*

- Tiomáint róthapa / thar an luasteorainn...................................................................... 2 Mharc
- – Thar an teorainn.................................................................................................. 1 Mharc

**2.(ii)**

*Cad a rinne an paisinéir?*

- Chuir poll / ghearr /lig an t-aer as boinn (charr na bpóilíní)...................................... 2 Mharc
- Rinne damáiste do charr / boinn na bpóilíní………………………….……........... 2 Mharc
- – Rinne damáiste do charr..........................................................................................1 Mharc

**3.**

*Cad a chuaigh trí thine san árasán in Quimper?*

- Tolg / cúiste..............................................................................................................2 Mharc

# AGUISÍN 1

# Scéim Mharcála Mhionathruithe

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- úsáid téipthaifeadáin.
- úsáid ríomhaire agus seiceálaí litrithe air.
- úsáid scríobhaí.
- tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach.

Sa Fhraincis Ardleibhéil san Ardteistiméireacht ciallaíonn sé sin nach ngearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe gramadaí áirithe.

## Léamhthuiscint agus Táirgeadh Scríofa

Litriú: ná cuir líne faoi fhocail atá litrithe mícheart ná a bhfuil aicinn ar lár nó mícheart orthu, fiú má chuireann sé isteach ar fhuaimniú an fhocail. Dearcaimid ar aicinn mar earráidí litrithe nach bhfuil pionós le gearradh orthu.

Gramadach: is féidir na gnéithe gramadaí nach bhfuil pionós á ngearradh orthu a aithint ach ligean ort féin go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra ar théip/CD. Is ar dhearmad a thabharfaidh an chluas faoi deara amháin is cóir pionós a ghearradh.

**Sampla 1:**

Scríobhann an t-iarrthóir *Elle a allée.* Bheadh an briathar cúnta mícheart "avoir" le cluinstin ar CD, mar sin cuir líne faoi mar dhearmad agus gearr pionós dá réir.

**Sampla 2:**

Scríobhann an t-iarrthóir *Elle est allée.* **Níor chóir** líne a chur faoin easpa aontaithe ná pionós a ghearradh mar nach mbeifí tar éis é a thabhairt faoi deara ar CD.

**Sampla 4:**

Don Production Écrite, má scríobhann an t-iarrthóir é seo a leanas: *Les touriste adore l'Irelande parce que c'est un belle pay. La campange est tranquillé et vert.* Ná cuir líne faoi nó ná bain marcanna de *touriste*, *l'Irelande, pay, campange* ná *tranquillé* is earráidí litrithe iad. Ná cuir líne faoi nó ná bain marcanna de *adore* óir ní chloisfí an earráid ghramadaí sin ar théip. Cuir líne faoi *belle* agus *vert* óir is earráidí gramadaí iad atá inchloiste.

# AGUISÍN 2

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 300 @ 5%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 300 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 225 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 | 11 |
| 227 - 233 | 10 |
| 234 - 240 | 9 |
| 241 - 246 | 8 |
| 247 - 253 | 7 |
| 254 - 260 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 261 - 266 | 5 |
| 267 - 273 | 4 |
| 274 - 280 | 3 |
| 281 - 286 | 2 |
| 287 - 293 | 1 |
| 294 - 300 | 0 |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán